Dráma Óige ar DVD

Seo cuid de na daoine óga a bhí páirteach i léiriú 'An Táilliúir Drúisiúil' ó Chumann Óige Locha Riach, ina measc tá Eimhear Ní Lorcáin, Elaine Scahaill (Branar), Ciana Cooney, Amy Ní Cheallaigh, Clíona Ní Lorcáin, Aisling Hawkins, Muireann Ní Bhaoill agus Alannah Nic Chormaic.

Ba mhaith le Gaeilge Locha Riach comhghairdeas a ghabháil le Cumann Óige Locha Riach as éacht a chur i gcrích i mbliana.

I mbliana, bhí an Cumann Óige ag comhoibriú le 'Branar' agus ceardlanna dramaíochta eagraithe ar bhun seachtainiúil i gComhar Creidmheasa Naomh Breandáin. Ní amháin go raibh na ceardlanna drámaíochta ar siúl acu ach rinneadh clár faisnéise a thaifeadadh ar DVD agus iad ag ullmhú dráma don staitse mar chuid de 'Féile Raifteirí'.

Bhí go leor oibre i gceist ag na déagóirí agus iad ag ullmhú dráma beag don stáitse mar chuid de Cheolchoirm na n-Óg a bhí ar siúl le linn 'Féile Raifteirí'. Bhí dráma s'acusan bunaithe ar dán de chuid Raifteirí, 'An Tailliúir Drúisiúil', agus rinne na déagóirí léiriú dá gcuid féin ar scéal an dáin.

Le linn dóibh a bheith ag ullmhú is ag obair ar an dráma, bhí dream eile ina measc ag foghlaim scileanna eile agus clár faisnéise a thaifeadadh acu ar DVD. D'fhoghlaim siad go leor fá láithriú cláir, fá agallamh a dhéanamh, conas ceamara a úsáid, tábhacht fuaime is soilse mar aon le scileanna eile bainte le clár teilifíse a dhéanamh.

Tháinig breis is dhá chéad caoga duine le chéile le haghaidh Cheolchoirm na n-Óg le linn Féile Raifteirí áit ar léirigh an Cumann Óige an dráma ar ardán in Óstan Locha Riach. D'éirigh go hiontach leo agus is cosúil gur bhain teaghlaigh, cairde is cuairteoirí an-sult as an ghearrdhráma.

Tá an Cumann Óige iontach buíoch do Fhoras na Gaeilge a thacaigh leis an obair seo ar fad i mbliana agus a bhuíochas ag gabháil le Elaine Scahill ó 'Branar', agus do Chónall Mac Eochagáin (Fear Ceamara) a thug treoir is comhairle do na déagóirí thar roinnt míosa. Cinnte, tá buíochas tuillte ag an chomhar creidmheasa a chur an halla ar fáil dóibh. Tá eagarthóireacht a dhéanamh ar an DVD fá láthair agus tá súil ag an Cumann Óige ócáid speisialta a eagrú go luath lena thaispeáint go poiblí.

DVD 'as Gaeilge' le Cumann Óige

Seo cuid den dream ó Chumann Óige Locha Riach a bhí ag foghlaim scileanna ceamara agus clár faisnéise a dhéanamh acu ar 'An Tailliúir Drúisiúil' le Cónall Mac Eochagáin.

Gaeilge Locha Riach would like to congratulate Cumann Óige Locha Riach for their achievements in recently performing a play and making a documentary on it's development.

This play was produced in conjunction with the Irish drama company, Branar who organized a series of workshops in Naomh Breandán Credit Union. As the drama workshops continued in preparation for performance during 'Féile Raifteirí', a programme for DVD was being recorded.

There was quite a bit of work and time put into their rehearsals as they prepared for Ceolchoirm na n-Óg during 'Feile Raifteirí'. The play itself was based on a poem by Raifteirí 'An Tailliúir Drúisiúil' and the young teenagers interpreted the story of the poem in their own dramatic way.

As one group scripted and rehearsed for performance, another team learned other skills in producing a documentary for DVD. Presentation, interviewing, lights, camera and action were all part of the skills needed to produce a programme.

More than 250 people gathered in the Lough Rea Hotel for Ceolchoirm na n-Óg during Féile Raifteirí at which Cumann Óige Locha Riach performed their play. This, of course, proved to be a very enjoyable occasion for friends and family.

Cumann Óige Locha Riach is very grateful to Foras na Gaeilge that supported their work over the year and would like to thank Elaine Scahill from Branar and camera man Cónall Mac Eochagáin that guided and advised the teenagers over a number of months.

Naomh Breandán Credit Union were also very helpful in providing rehearsal space. A DVD is now being edited and the youth group hope to organize an occasion for a public showing of their programme in the near future.